

☼ An Lúibín ☼

24 Nollaig 2018

Thar sáile

Ó tá trácht á dhéanamh i gcónaí ar dhomhandú na Gaeilge, caithimis súil arís ar roinnt de na hollscoileanna iasachta a mhúineann an teanga. Bheadh súil agat go bhfaighfí a leithéidí sna Stáit: New York University, Notre Dame, Ollscoil California ag Berkeley, Ollscoil Pittsburgh agus Ollscoil Montana.

Faoi seascaidí an 19ú haois bhí ór á bhaint ag Butte, Montana; ansin thángthas ar airgead agus ar chopar, agus tharraing an obair neart Éireannach chun na háite. Tháinig a lán acu trasna ó mhianaigh in California, Michigan, Nevada agus Colorado agus tháinig cuid eile díreach ó Éirinn. B'as Iarthar Chorcaí d'fhorhór na mianadóirí oilte agus Gaeilge acu dá réir. Faoin mbliain 1900 b'Éireannaigh iad leath na 30,000 duine a bhí ina gcónaí in Butte. Chuir siad a lán cumann ar bun agus orthu sin bhí craobh de Chonradh na Gaeilge agus an Montana Gaelic Cultural Society.



Ollscoil Montana
Wikimedia Commons

Tá lorg na staire sin le feiceáil ar an gClár i Léann na hÉireann in Ollscoil Montana. Maítear gur beag ollscoil eile a chuireann ar fáil curaclam chomh cuimsitheach le hOllscoil Montana i staidéar na Gaeilge. Ar an líofacht a leagtar béim agus maítear gur tríd an gcaint a osclaítear doras na litríochta agus scéal na nGael mar a ríomhtar sa teanga féin é. Is iad na cúrsaí atá ar fáil BunGhaeilge I, II agus III agus MeánGhaeilge I agus II. Is féidir BunGhaeilge III agus MeánGhaeilge II a dhéanamh mar chúrsaí thar lear.

Más baint stairiúil atá ag an nGaeilge leis na Stáit, ní léir cén ceangal a bheadh aici le tíortha i lár na hEorpa. Is díol spéise é, mar sin, go bhfuil dhá ollscoil ar a laghad sa Pholainn a mhúineann an teanga: Ollscoil Chaitliceach Lublin agus Ollscoil Adam Mickiewicz.



Leabharlann Ollscoil Chaitliceach Lublin
Wikimedia Commons

Bunaíodh Ollscoil Chaitliceach Lublin in 1918 agus d’fhan sí neamhspleách ar feadh na ré Cumannaí. Faoi láthair tá cúram na Gaeilge agus na Breatnaise ar Institiúid na Focleolaíochta Béarla. Múintear teangacha agus cúrsaí cultúir in éineacht agus cuirtear ócáidí cultúrtha ar bun. As Lublin a thagann *Lublin Studies in Celtic Languages*, sraith nua taighde. As Éirinn agus as an bPolainn a thagann baill an phainéil eagarthóireachta.

Tá Ollscoil Adam Mickiewicz in Poznań ar na hollscoileanna is mó cáil sa Pholainn. Osclaíodh í in 1919 agus fuair sí an t-ainm atá anois uirthi in 1955.



Leabharlann Ollscoil Adam Mickiewicz
Wikimedia Commons

Tá clár léinn Cheiltigh trí bliana ag Ollscoil Adam Mickiewicz agus é faoi chúram Dhámh an Léinn Bhéarla. Múintear Gaeilge agus Breatnais agus déantar staidéar ar chultúr, litríocht agus stair na hÉireann agus na Breataine Bige. Déantar féilte na dtíortha sin a cheiliúradh agus cuirtear saotharlanna agus tráthnóna scannán ar siúl.

Is beag an líon mac léinn a dhéanann staidéar ar an nGaeilge sna hollscoileanna sin – cúpla céad duine i ngach áit, b’fhéidir. Ach is fóna an méid an dornán féin, agus tá scata cainteoirí líofa tagtha ar an bhfód dá bharr. Ós rud é gur mar thír Bhéarla amháin a shamhlaítear Éire de ghnáth sa domhan mór, is ait agus is deas an rud a mhalairt de léargas a bheith ar fáil i gcríocha eile ar dhúchas corrintinneach na nGael.



Éigeantas Gaeilge: an díospóireacht

‘Tá an bhagairt is mó le blianta fada do stádas na Gaeilge sa chóras oideachais ar na bacáin, dar le foinsí atá ag plé leis an oideachas Gaeilge,’ de réir mar a deir alt a bhí le léamh ar *Tuairisc.ie* le déanaí.¹ Tá an t-alt seo mar chuid de dhíospóireacht leanúnach atá ar siúl ar *Tuairisc.ie* faoin stádas úd agus faoi lochtanna atá ar churaclam agus ar theagasc na Gaeilge.

Tugadh an Ghaeilge isteach mar ábhar éigeantach in 1934. Sna seachtóidí rinneadh athrú atá i bhfeidhm go fóill: ní mór do dhaltaí Ardteiste staidéar a dhéanamh ar Ghaeilge ach ní gá dóibh an scrúdú a dhéanamh. Comhréiteach glic (nó ciotach) é idir an siombaileachas agus an réaltacht.

Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Roinn Oideachais agus an Chomhairle Náisiúnta um Churaclaim agus Measúnachta, an NCCA, ar chóras na hArdteiste. Táthar ag caint, mar shampla, ar laghdú a dhéanamh ar líon na n-ábhar a chaitear a dhéanamh don Ardteist. Chomh maith leis sin, d’fhéadfaí rogha iomlán a thabhairt do dhaltaí i dtaobh na n-ábhar a dhéanfaidís sa tsraith shinsearach (agus is cinnte go bhfágfadh a lán acu an Ghaeilge ar lár, ós í an Ghaeilge an t-aon ábhar atá éigeantach ar chúrsa na hArdteiste). Agus táthar ag caint ar bhéim a chur ar ábhair phraiticiúla agus ar an ngairmoiliúint.

¹ <https://tuairisc.ie/an-bhagairt-is-mo-le-blianta-don-ghaeilge-eigeantach-ar-na-bacain/>

‘Meastar gurbh amhlaidh go dtiocfadh titim mhór ar líon na ndaltaí a roghnódh an Ghaeilge a dhéanamh agus, de réir a chéile, nach mbeadh an rogha sin ar fáil do gach dalta,’ a admhaítear san alt. Maítear go bhfuil stádas na Gaeilge sa chóras oideachais ‘mar cheann den bheagán comharthaí go dtugann an Stát aitheantas di mar theanga náisiúnta fós’.

Rinne an NCCA suirbhé i measc daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí i dtaobh na hArdteiste. Sa tuarascáil a tháinig as léirítear go raibh daltaí míshásta toisc gurb éigean dóibh ábhair áirithe a dhéanamh. Is í an Ghaeilge an t-ábhar is mó a luadh mar ábhar éigeantach.

Allied to this, many parents and students argued against having compulsory subjects at senior cycle level, feeling that young people should be free to select subjects which best suit their interests and abilities.

Is fíor go ndearna Millward Brown pobalbhreith náisiúnta do *Tuairisc.ie* in 2014 agus gur thaispeáin sé gur mhaith le formhór an phobail go gcoinnífí an Ghaeilge mar ábhar riachtanach. Ach ní hionann sin is rá go bhfuil formhór an phobail sásta leis an modh a múintear an teanga. Is mó an inní atá ar dhaoine éigin faoi ‘stádas’ na teanga ná faoi chaighdeán an teagaisc.

Tá cúpla rud le rá faoin alt ag Donncha Ó hÉalaithe, staitisteoir agus gníomhaí teanga. Deir sé:

In áit a bheith ag iarraidh an Ghaeilge a choinneál mar ábhar ‘éigeantach’ san Ardteist, feictear domsa gur mó tairbhe don Ghaeilge dá mbeadh an t-ábhar tarraingteach seachas éigeantach.

Maíonn sé, nuair is cur amú ama a bheith ag teagasc Gaeilge do dhaoine nach bhfuil ag iarraidh í a fhoghlaim, go bhféadfaí díriú ar an dream atá ag iarraidh í a fhoghlaim. Ar éigean is féidir leis na scoileanna lán-Bhéarla cainteoirí maithe a sholáthar, agus áitíonn Ó hÉalaithe gur anois an t-am le ‘géilleadh straitéiseach’ a dhéanamh seachas a bheith ag cosaint éigeantais nach gcothaíonn ach amhras agus ísle brí i múinteoirí Gaeilge.

Is minic a bhíonn an trácht a dhéantar ar na hailt chomh suimiúil leis an hailt féin. Scríobh an t-iriseoir Emma Prunty píosa don *Irish Times* dar teideal ‘Should children of returning emigrants be exempt from Irish?’² Dúirt léitheoir amháin (Gaeilgeoir) gur dhealraigh sé go bhfuil an córas níos fábharaí do dhaltaí a thograíonn gan Gaeilge a dhéanamh. Bhí seacht mbliana den teanga cailte ag a hiníon; chuidigh an scoil léi de réir a hacmhainne ach bhí a mhalairt de dhearcadh ag daoine eile: ‘The attitude seems to be that getting the exemption is like being presented with a gift on a plate, or one less stress to get her through the Leaving Cert’. Tuigean an léitheoir anois gur fusa an teanga a shaothrú i gcúrsaí cultúir agus sóisialta ná ar scoil.

Tá casaid ghéar déanta ag an iriseoir Máire Ní Fhinneadha faoina leimhe atá scrúdú Gaeilge na hArdteiste: ‘Bheadh fuar go maith agat aeistéitic ná ealaín ar bith a fháil ar an bpáipéar Gaeilge...’³ Fuair an píosa sin léi ar *Tuairisc.ie* an freagra seo ó léitheoir:

Nach bhfuil sé thar am, mura bhfuil sé i bhfad rómhall, an teanga Ghaeilge a theagasc mar theanga bheo? Tá an dearg-ghráin ag mo chuid páistí ar an Ghaeilge anois. Tógadh le Gaeilge iad ach mar gheall ar an chúrsa Gaeilge do na scrúduithe stáit, an-drochmhúinteoireacht, easpa iomlán pléisiúir a bheith ag baint leis an eispéireas, easpa seansanna chun í a úsáid, tá cúl tugtha acu leis an teanga agus gach a mbaineann léi. Briseadh croí atá anseo.

I bpíosa eile ar *Tuairisc.ie* dúirt Kevin Hickey gur dheacair easaontú le formhór dá raibh ráite ag Ní Fhinneadha, ach dúirt sé freisin:

Ní hionann ábhar roghnach a dhéanamh den Ghaeilge agus na deacrachtaí a bhaineann le siollabas na Gaeilge a réiteach. B’fhiú cuimhneamh ar an méid sin, mar is minic a dhéantar an dá argóint a mhéascadh lena chéile agus an cheist á plé ag daoine ar chaon taobh den díospóireacht.⁴

² <https://www.irishtimes.com/life-and-style/abroad/should-children-of-returning-emigrants-be-exempt-from-irish-1.3714830>

³ <https://tuairisc.ie/masla-oifigiuil-bliantuil-do-ghaeilge-manama-e-scrudu-na-hardteiste/>

⁴ <https://tuairisc.ie/mhuinfeadh-raiftearai-a-oiread-ceanna-faoi-bhreiseheim-na-haidiachta-is-na-braithre-criostai/>

Is léir óna bhfuil scríofa gur beag duine atá sásta le siollabas, curaclam agus múineadh na Gaeilge. Tá sé ráite cheana gur teanga iasachta ag na hÉireannaigh atá anois ann an Ghaeilge agus gur ceart é sin a admháil agus an teanga a mhúineadh dá réir. Ba cheart an bhéim a chur ar an gcaint sna bunscoileanna, cé mbeadh múinteoirí líofa ag teastáil chuige agus níl siad le fáil. Ba cheart, ar a laghad, rogha a thabhairt do na daltaí ag leibhéal na meánscoile agus cibé acmhainní atá ann a dhíriú ar an mionlach a bhfuil fíorshuim acu sa teanga. Rachadh sin ar sochar don Ghaeilge sna tíortha a dtéann imircigh Éireannacha ann. Is beag an mhaith cloí le tuairimí seanbhunaithe nach oireann do riachtanais na teanga. Ní fearrde an Ghaeilge éigeantas gan chiall.



Alt a foilsíodh ar dtús in An Lúbín, 20 Nollaig 2014.

'Irish invaders': na Gaeil i gCogadh Cathartha Shasana



Muscaedóir de chuid an 17ú haois
Wikimedia Commons

I ndiaidh na bliana 1640, le linn an chogaidh idir Parlaimint Shasana agus Séarlas I, ba mhór an eagla a bhí ar mhóran Sasanach go ndéanfaí ionradh ar Shasana. Ba iad na hÉireannaigh an phríomhnamhaid sa chás seo agus Sasanaigh ag cuimhneamh ar éirí amach na nGael sa bhliain 1641 agus ar an ár a lean é (ár a ndearnadh áibhéil mhór air sna tuairiscí). Mhéadaigh an eagla seo idir na blianta 1638 agus 1646.

Is é an staraí Mark Stoye orthu siúd is túisce a tharraing aird ar an taobh eitneach de Chogadh Cathartha Shasana. Áitíonn sé gur cuireadh 'New Model Army' Chromail ar bun mar arm fíor-Shasanach a bheadh in ann ag fórsaí coimhthíocha. Más ea, bhí éifeacht leis: chuir sé an Bhreatain Bheag agus an Choirn faoi smacht arís agus díbríodh eachtrannaigh. Orthu siúd bhí na hÉireannaigh a tugadh anall chun fórsaí an Rí a threisiú.

Bhí dianghá ag Séarlas I le saighdiúirí agus fáilte aige roimh thrúpaí athneartaithe ó Éirinn. Sa bhliain 1643 is mó a tháinig siad agus mórán ina measc a rugadh i Sasana nó sa Bhreatain Bheag agus a bhí ag teacht abhaile. Ach luaigh tuairiscí na linne saighdiúirí eile nach raibh Béarla acu, agus luann Stoye 'the habitual tendency of the Parliamentary intelligencers to assume that any group of enemy soldiers who did not speak English were as likely to be Irish as they were to be Welsh (or, indeed, Cornish)'.⁵

Is léir anois nár mhór an líon saighdiúirí, idir Sasanaigh, Bhreatain Bheag agus fhíor-Éireannaigh, a tháinig i dtír: naoi míle duine, b'fhéidir, agus roinnt ban ina measc mar chosmhuintir. Ní bheadh de Ghaeil ann ach cúpla míle duine: cainteoirí Gaeilge i dtír an Bhéarla.

Bhí baint ag an scéal seo le Murchadh Ó Briain (1618–1674), an chéad Iarla Inse Uí Chuinn, agus Murchadh an Dóiteáin mar leasainm air de bharr an scriosta a rinne sé i gCúige Mumhan i rith chogaí na 1640í. Chuaigh sé leis an gcreideamh nua, agus bhí sé ar na huaisle Protastúnacha ba mhó le rá in Éirinn, cé go ndearna sé saighdiúireacht leis na Spáinnigh san Iodáil idir na blianta 1636 agus 1639. D'fhill sé abhaile, agus nuair a d'éirigh na hÉireannaigh amach sa bhliain 1641 thaobhaigh sé leis na coilínigh Shasanacha. Thug sé cúig reisimint chun

⁵ Stoye, lch 55.

Sasana leis chun cuidiú leis an Rí, ach nuair a theip air post Uachtarán Chúige Mumhan chuaigh sé i bpáirt le lucht na Parlaiminte. Thaispeáin sé an miotal a bhí ann mar cheannasaí nuair a bhris sé airm na Cónaidhme Caitlicí. Ach tháinig inní air nuair a chonaic sé na radacaigh i bParlaimint Shasana ag milleadh faoin Rí agus thaobhaigh sé leis na Ríogaithe arís. Ní raibh an rath céanna air an uair seo: theip air an fód an sheasamh i gcoinne fhórsaí na Parlaiminte. Fuair sé a chuid tailte i gCúige Mumhan ar ais nuair a tháinig Séarlas II i gcoróin.

Ní mór an t-iontas go ndeachaigh cuid mhór de na trúpaí Protastúnacha ó Éirinn ('English-Irish') i leith na Parlaiminte agus iad i Sasana. Ach tháinig fearg ar na Ríogaithe nuair a thréig roinnt mhór de na Gaeil féin an Rí.

Bhí an chuid is mó acu le fáil i reisimintí Mhurchaidh agus an Tiarna Broghill agus iad faoi cheannas Éinrí Uí Bhriain, deartháir Mhurchaidh. Throid siad in Dorset in iardheisceart Shasana agus d'éirigh go maith leo, ach nuair a diúltaíodh uachtarántacht Chúige Mumhan do Mhurchaidh rinne na Brianaigh comhréiteach leis an bParlaimint agus lean a saighdiúirí iad.

Bhí an dearg-ghráin ag saighdiúirí Parlaiminteacha ar thrúpaí ó Éirinn i Sasana, agus is minic a maraíodh príosúnaigh Éireannacha. Bhí paimfléadaithe agus iriseoirí de chuid na Parlaiminte coipthe go maith agus fioreagla le haithint ar an áibhéil acu: iad á áitiú go raibh fonn ar na 'Irish rebels' cuid mhaith de phobal Shasana a choscairt – 'to put the English in England that side with the Parliament to the sword, both men, women and children'.⁶ Deirtí gurbh fhíochmhaire na mná a tháinig leis na trúpaí Éireannacha ná na fir féin. I Mí Dheireadh Fómhair d'fhógair an Pharlaimint gur chóir príosúnaigh Éireannacha a bhású gan trócaire; i ndáiríre, áfach, bhí na ceannairí Parlaiminteacha níos séimhe agus fonn mór orthu pé trúpaí Éireannacha a bhí ann a chur ar ais chun a dtíre féin. Cuireadh caibidlí rúnda ar bun chun go gcuirí an rún sin i gcrích.

Ba chosúil na trúpaí Éireannacha seo lena leithéidí eile sa chogadh. Bhí lucht píce ann, clogad orthu agus cóta leathair orthu faoin lúireach. Bhíodh claiomh ar iompar acu agus píce sé troithe déag acu. Chosnaíodh na muscaedóirí ar mharcshlua an namhad agus théidís féin chun tosaigh ag ionsaí cos-slua. Ní bhíodh armúr ar na muscaedóirí féin. Ba é a bpríomharm siúd an muscaed lásaín; chaithidís crios gualainne le dhá chartús déag agus piléar i ngach cartús, in éineacht le méid tomhaiste púdair.

Ba ghnách do mhná gabháil le complachtaí saighdiúirí agus a lán rudaí le déanamh acu – níochán, fuáil, dul ag triall ar uisce, fanacht i bhfeighil beithíoch. Níorbh fhéidir le harm ar bith teacht gan iad, ach is minic a mhaslaigh na Parlaimintigh na mná a bhí ag freastal ar shaighdiúirí Ríoga, go háirithe mná ó Éirinn. Thugtaí striapacha orthu agus bheidís i mbaol dá mbéarfaí orthu.

Le léamh:

Mark Stoye. 'Irish Invaders : Irish and 'Irish-English' Troops in England, 1642-1644' in *Soldiers and Strangers: An Ethnic History of the English Civil War*. Yale University Press 2005.

Murrough O'Brien, 1st Earl of Inchiquin, 1614-74: <http://bcw-project.org/biography/murrough-obrien-earl-ofinchiquin>

Barton Hacker & Margaret Vine (eag.). *A Companion to Women's Military History*. Brill Academic Publishers 2012.



Na Draoithe um Nollaig

⁶ Luaite in Stoye, lch 66.

Teacht na nDraoithe chun Íosagáin atá againn anseo. Seo chugainn i sliocht as Matha in *An Bíobla Naomhtha* iad (1602 agus 1685). Rinneadh athchóiriú ar *An Bíobla Naomhtha* in 1690 agus arís in 1817, agus anseo tá an litriú nuachóirithe arís, cé gur coinníodh na seanfhoirmeacha gramadúla. Ní deir Matha cá mhéad draoi a bhí ann ná céard iad na hainmneacha a bhí orthu. Fágтар sin faoi thraidisiúin a tháinig chun cinn níos déanaí.

Féach <https://archive.org/details/bioblanaomhthaan00bede/page/840>.

Matha, Caibidil II, 1-15

1 Agus an tan do rugadh Íosa i mBéitleem thír Iúdaea i laethibh Ioruaith an rí, féach, tháingadar draoithe ón aird thoir go hIarúsaléim, 2 Ag rá, Cá háit ina bhfuil an Rí úd na nGiúdaithe atá arna bhreith? óir do chonaiceamarna a réalt san aird thoir, agus tháingamar dá onóru.

3 Ach an tráth do chuala an rí Ioruaith sín, do bhí sé arna bhuaireadh, agus Iarúsaléim uile maille ris. 4 Agus ar gcruinniú uachtarán na sagart uile dhó agus sgríobhaithe an phobail, do fhiafraigh sé dhíobh, Cén áit ina mbéarfaí Chríost. 5 Agus dúradarsan ris, i mBéitleem thír Iúdaea: óir is mar so atá sé scríofa ag an bhfáidh, 6 Agus tusa a Bhéitleem, talamh Iúda, ní tú is lú idir dhiúicibh Iúdah: óir is asat a thioctas an Diúic, a stiúireos mo phobal Iosrael. 7 Agus ansin do ghair Ioruaith na draoithe os íseal chuige, agus do fhiafraigh sé dhíobh go ró-ghéar cén aimsear inar foilsíodh an réalt.

8 Agus á gcur go Béitleem dhó, a dúirt sé, Imí gí agus iarraigí an naí go dícheallach; agus tar eís a fhála dhaoibh, insígí dhomsa é, dochum go rachainnse féin agus go dtabhrainn onóir dhó. 9 Agus ar gcluinstin an rí dhóibh do imíodar; agus, féach, an réalt, do chonaiceadar san aird thoir, do chuaigh sé rompu, nó go dtáinig sé agus gur chónaigh sé os cionn an ionaid ina raibh an naíonán. 10 Agus ar bhfeiscint na réilte dhóibh, do ghabh gáirdeachas ró-mhór iad.

11 Agus ar ndul isteach don tigh, fuaradar an naí i bhfochair a mháthar Muire, agus ag titim síos, do onóraíodar é: agus ar n-oscladh a gciste, thugadar tíolacthaí dhó: ór agus túis agus miorr. 12 Agus ar bhfáil teagaisc ó Dhía in aisling gan casadh d'ionsaí Ioruaith, do fhilleadar i slí eile dá dtír féin.

13 Agus ar n-imeacht ar n-ais dóibh, féach, do taibhreachd aingeal an Tiarna i mbrionglóid do Ióseph, ag rá, Éirigh agus gabh an naíonán agus a mhathair chugat, agus teith don Éigipt, agus bí ansin nó go labhraidh mise riot: óir iarrfaidh Ioruaith an naí dochum a mhillte. 14 Agus ar n-éirí dhósan, do ghabh sé an naí chuige agus a mháthair insan oíche, agus do imigh sé don Éigipt: 15 Agus do bhí sé ansin go bás Ioruaith: dochum go gcomhlíonfaí an ní a dúirt an Tiarna leis an bhfáidh, a deir, Do ghair mé mo mhac as an Éigipt.



Adhradh na nDraoithe: Bartolomé Esteban Murillo, c. 1655

Wikimedia Commons

Nollaig shona dár léitheoirí agus Bliain Úr faoi rath.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au .

Dhá dhán le Colin Ryan

An Nollaig

Seanduine ag an stad bus
ag rince leis féin go cáiréiseach
is lá úd na Breithe ag teacht:
nach cuma leis mar gur fada
ó thug sé féiríní dó féin
is é réidh anois leis an ól
(ach amháin deoichín
ó am go ham in ómós na cruinne)
an Bhreith úd chuige
an Bás an tAiséirí:
é féin ag bogadh ó chois go cois
is rud nach féidir a mhíniú
ag tarraingt anall

Faoi sholas

An bhean úd ina seasamh
faoi sholas neamhbhásmhar
in uaigneas sráide
na scáthanna géara roinnte
ar chosáin
faoi ollchiúnas na spéire:

í féin tar éis teacht ar an saol
nó ar tí é a fhágáil
ag cur na ceiste
nach féidir a chloisteáil
an freagra gan labhairt
ina timpeall